# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Nótaí Mínithe/Giorrúcháin don Mharcáil ar Líne

| Siombail | Cur síos | Ciallaíonn sé |
|---|---|---|
| ✓5 | Tic le huimhir | Tic le luach na marcanna a bhronntar (m.sh.5 mharc). |
| ✓ | Tic (bán) | Bailí/ceart/ábhartha/lena ngabhann fiúntas (ní bhronntar aon mharc ar thic bán). |
| 0 | Náid | Gan aon mharc bronnta. |
| ✗ | Cros/X (bán) | Neamhbhailí/mícheart/neamhábhartha. |
| ⦚ | Corrach ceartingearach | Leathanach/roinn feicthe ag an scrúdaitheoir. |
| — | Líne chothrománach | Cuir líne faoi. |
| **GF** | Gan aon Fhreagra | Níor freagraíodh an cheist. |
| **Ábhar breise in A** | | Tagraítear do shraith cheisteanna eile ar leathanach 15 den scrúdpháipéar. |
| **An tríú-A<br>An tríú-B<br>An tríú-C** | | Tagraítear do fhreagraí sa tríú thopaic an iarrthóra, ina bhfuil na marcanna curtha isteach arís ag an scrúdaitheoir. |
| ✗6 | X-6(lúide 6 mharc) | D’fhéadfadh sé go mbeadh gá marcanna a baint de roinnt scripteanna, ag brath ar an rogha ceisteanna a freagraíodh. |

Nóta maidir le marcáil na gcoigeartuithe don Stair - Gnáthleibhéal, 2025:

Thug na socruithe measúnaithe do Stair na hArdteistiméireachta - Gnáthleibhéal - in 2025 an rogha d’iarrthóirí ceann amháin de dhá shraith treoracha a leanúint, mar atá leagtha amach ar thosach an scrúdpháipéir. Bronnann an córas marcála ar líne marcanna ar an dá ábhar is airde a freagraíodh i Roinn 2 agus i Roinn 3 den scrúdpháipéar. Tá línte breise ar an bpainéal marcála, leis na lipéid "Ábhar Breise A", "Tríú A", "Tríú B", "Tríú C" chun go mbeidh an scrúdaitheoir ábalta marcanna a chur isteach don tríú sraith freagraí bailí.

Tagraíonn an líne “Ábhar Breise A” go sonrach do chuid bhreise A a bhí ar leathanach 15 den scrúdpháipéar, agus is féidir le“Tríú A” bheith ag tagairt d’aon cheann de na Codanna eile A den scrúdú.

I gcásanna áirithe ina ndearnadh iarracht níos mó ná an líon riachtanach de Chuid A, baintear marcanna do “Ábhar Breise A” (lch. 15 den scrúdpháipéar) chun marcanna a chur isteach sa líne “Tríú A” do Chuid A lena ngabhann scór níos airde ó áit éigin eile ar an scrúdpháipéar.

***TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

**TEIDEAL AN STAIDÉIR (gan aon mharc)**

Níl cead aon mharcanna a bhronnadh don teideal, ach beidh sé riachtanach an teideal a chur san áireamh chun breithiúnas a dhéanamh ar 'ábharthacht na foinse ar an ábhar' i *Meastóireacht ar na Foinsí.*

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc          Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Tá dhá fhoinse á lorg.

Foinse amháin iomlán a lua go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = 6 mharc le haghaidh dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Píosa amháin eolais sa bhreis air sin mar fhianaise (m.sh.: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh gréasáin, srl) = 1 mharc

**Sainigh agus tabhair údar ar an ábhar staidéir atá molta agus na haidhmeanna agus an cur chuige atá beartaithe a aithint.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist acu staidéar a dhéanamh air agus cén fáth? An leagann an t-iarrthóir amach aidhmeanna an staidéir agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Ag glacadh an freagra ina iomláine, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

| | |
|---|---|
| ***An Mhaith:*** | 8-9 marc |
| ***Maith:*** | 6 mharc-7 marc |
| ***Réasúnta:*** | 3-5 mharc |
| ***Lag:*** | 0-2 mharc |

**MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)**

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus/nó laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar. Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

| | | |
|---|---|---|
| Tagairt don DÁ fhoinse | ***An-mhaith:*** | 21-25 marc |
| | ***Maith:*** | 15-20 marc |
| | ***Réasúnta:*** | 8 marc-14 mharc |
| | ***Lag:*** | 0-7 marc |
| Gan ann ach tagairt d'AON fhoinse amháin | ***An-mhaith:*** | 14-17 marc |
| | ***Maith:*** | 10 marc-13 mharc |
| | ***Réasúnta:*** | 5 mharc-9 marc |
| | ***Lag:*** | 0-4 mharc |

**AISTE FHADA (60 marc)**

Aiste stairiúil = 50 marc

Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

D'fhéadfadh an próiseas taighde a bheith lárnach don aiste nó i láthair mar ghné ar leith.

Ba cheart an aiste stairiúil a mheas mar aonad agus marc as 50 a bhronn mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| ***Eolas stairiúil – 25 marc*** | ***An-mhaith:*** | 21-25 |
| Críochnúil | ***Maith***: | 15-20 |
| cruinn | ***Réasúnta.*** | 8-14 |
| agus ag baint leis an teideal | ***Lag***: | 0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc*** | ***Sármhaith:*** | 13-15 |
| Tá an staidéar atá roghnaithe suntasach ó | ***An-mhaith:*** | 10-12 |
| thaobh na staire de (níl sé doiléir nó fánach) | ***Maith***: | 7-9 |
| Plé cóir cothrom ar na ceisteanna | ***Réasúnta.*** | 4-6 |
| Léirítear taighde sách domhain | ***Lag***: | 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc*** | ***An-mhaith:*** | 8-10 |
| Struchtúr | ***Maith***: | 6-7 |
| Fád sách | ***Réasúnta.*** | 4-5 |
| | ***Lag***: | 0-3 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde***

Is féidir é seo a bheith mar chuid neamhspleách nó mar chuid lárnach den aiste.
Anseo, ba cheart don scrúdaitheoir an próiseas taighde a mheas ina iomláine.
Leis an athbhreithniú pléite, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***An-mhaith:*** | 8-10 marc |
| ***Maith:*** | 6 mharc-7 marc |
| ***Réasúnta:*** | 4-5 mharc |
| ***Lag:*** | 0-3 mharc |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2025

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# An Nua-aois Dhéanach

# GNÁTHLEIBHÉAL

***Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)***
***(100 marc)***

Tá ceithre chuid den cheist dhoiciméad-bhunaithe:

1. Léirthuiscint (40 marc)
2. Comparáid (20 marc)
3. Cáineadh (20 marc)
4. Comhthéacsú (20 marc)

***1. Léirthuiscint (40 marc)***

(a) I ngach eaglais agus séipéal in Jarrow 8M

(b) Bearrtha/buataisí deisithe agus snasta/éadaí deisithe agus scuabtha/ rinne siad a ndícheall a chinntiú go mbeadh cuma shlachtmhar orthu 8M

(c) Mháirseáil siad ar feadh 50 nóiméad agus lig siad a scíth ar feadh 10 nóiméad/mháirseáil siad de réir rialacha an airm 8M

(d) Dúnadh an longchlóis [Jarrow] 8M

(e) Oscailt na n-oibreacha cruach 8M

Uasmharc = 40M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Is féidir taitneamhach agus/nó dearóil a lua sna freagraí

Doiciméad A:

Rinne na fir a ndícheall a chinntiú go mbeadh cuma shlachtmhar orthu
Bhí bus lán le soláthairtí acu
Shiúil siad de réir a gcos ionas nach mbeidís traochta (50+10 nóiméad)
Dea-chothaithe ar laethanta breátha
Ach ceapairí amháin sa bháisteach ar laethanta fliucha
Tá an ceol á sheinm ag banna orgáin béil

Doiciméad B:

Mháirseáil siad le meirgí agus banna orgáin béil.
Rialacha dochta: níor cheadmhach deoch a ól
Marcáil caighdeán an mhínithe bunaithe ar a dtuillteanas.

Is féidir 5m a ghnóthú le pointe le sliocht athfhriotail/míniú.
Más doiciméad amháin atá ann, uasmharc 5m

5M + 5M Uasmharc = 10M

(b) Doiciméad A nó B

Doiciméad A:

Ellen Wilkinson a scríobh

Tá a ról san áireamh i ngach cur síos ar ghníomhaíochtaí na máirseála.

"Thosaíomar gach maidin… mháirseálamar… sheasamar faoi chótaí báistí…"

Tá sí páirteach i ngach gné den mháirseáil

Doiciméad B:

Scríofa ag staraí tuairim is 70 bliain ina dhiaidh sin

Ní luaitear Ellen Wilkinson ach uair amháin

Tugtar sonraí faoin gcuma a bhí uirthi: tá sí beag agus tá gruaig rua uirthi

Níl sí leis na máirseálaithe ach ar feadh "cuid den bhealach"

Más doiciméad amháin atá ann, uasmharc 5m

5M + 5M Uasmharc = 10M

### *3. Cáineadh (20 marc)*

(a) Is bunfhoinse é Doiciméad A

Is í Ellen Wilkinson a chabhraigh leis an máirseáil a eagrú agus a ghlac páirt ann a scríobh é. Tá sí páirteach sna heachtraí a ndéantar cur síos orthu.

Foilsíodh a leabhar sa bhliain 1939, i bhfoisceacht trí bliana den mháirseáil.

Doiciméad A agus cúis bhailí 5M + 5M Uasmharc = 10M

(b) Thuill na máirseálaithe tacaíocht ón bpobal:

Doiciméad A:

Guíodh ar a son i ngach eaglais agus séipéal in Jarrow rud a léiríonn gur mhian leis an mbaile go dtabharfaí tacaíocht do na fir.

Déanann na máirseálaithe a ndícheall chun go mbeadh cuma na measúlachta orthu, socraíonn siad a mbuataisí agus a n-éadaí caite, bearrann siad iad féin go cúramach sula dtéann siad amach.

Tugann na hiriseoirí a dtéann in éineacht leo "tacaíocht sheasta" dóibh.

Doiciméad B:

Bhí an ráta dífhostaíochta an-ard agus shínigh 11,000 duine an achainí, rud a léirigh comhbhrón leis na máirseálaithe.

Bhí sé d'aidhm ag na máirseálaithe a bheith measúil agus "gan a bheith bagrach".

Níor ól siad alcól ar an máirseáil.

Thug na heaglaisí in Jarrow tacaíocht dóibh.

Más doiciméad amháin atá ann, uasmharc 5m

5M + 5M Uasmharc = 10M

***4. Comhthéacsú (20 marc)***

*Ar éirigh le máirseáil Jarrow nó ar theip uirthi? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.*

Marcáil ón bprionsabal den Croí-Ráiteas. Uasmharc = 20M

Is féidir **Croí-Ráiteas** a shainmhíniú mar cheann amháin de seo a leanas:

- Ráiteas fíorasach suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.
- Míniú, tuairim nó trácht bailí atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.
- Ráiteas tosaigh **NÓ** clabhsúir suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Chun an prionsabal marcála de Chroí-Ráiteas a chuir i bhfeidhm, beidh ar scrúdaitheoirí lean ar aghaidh mar seo a leanas:

- Ar léamh an fhreagra, ba cheart é a bhriseadh síos ina gCroí-Ráitis, agus tic (√ ) a chur ag deireadh gach Croí-ráitis.
- Bronntar 5 mharc ar gach Croí-ráiteas críochnaithe.
- D'fhéadfadh Croí-ráiteas neamhchríochnaithe ag deireadh freagra 1-4 mharc a thuilleamh.

Anseo, i gceist 4 den DBQ, beidh an scrúdaitheoir ag féachaint le 5 mharc an ceann a bhronnadh ar cheithre Chroí-ráiteas don leithdháileadh iomlán 20 marc.

***Roinn 2 agus Roinn 3***
***ÉIRE agus EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (300 marc)***

Tá gach Topaic roinnte ina thrí chuid:

A. Aonad faoi thiomáint spreagthach le 5 cheist ghearr a bhfuil orthu triail a bhaint astu (íosmhéid: 30 marc)
B. Ba cheart alt gearr a scríobh mar fhreagra ar cheann amháin de na ceithre cheannteideal seo
(íosmhéid: 30 marc)
C. Alt níos faide le bheith scríofa mar fhreagra ar cheann amháin as ceithre cheist (íosmhéid: 40 marc)

Leanfaidh an mharcáil ar chuid A, B agus C ar aghaidh mar seo a leanas:

A. De ghnáth, bronnfar na marcanna mar 6 mharc an cheist, le 6 mharc X 5 ag tabhairt 30 marc mar uasmharc. Féach ar ***Nótaí ar thopaicí aonair*** thíos le haghaidh éagsúlachtaí ar an gcleachtadh sin.
B. Beidh an freagra seo marcáilte ag an bprionsabal de Chroí-Ráiteas, mar a shainmhínítear thuas.
Bronnfar Uasmharc Carnach de 20 ar Chroí-Ráitis agus ligfear uasmharc de 10 marc don Mheastóireacht Fhoriomlán an scrúdaitheora ar an fhreagra. Féach ar an scála aistritheach thíos.
C. Beidh an freagra seo marcáilte ag an bprionsabal de Chroí-Ráiteas, mar a shainmhínítear thuas.
Ligfear Uasmharc Carnach de 30 ar Chroí-Ráitis agus ligfear uasmharc de 10 marc don Mheastóireacht Fhoriomlán an scrúdaitheora ar an fhreagra. Féach ar an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Seo e an marc iomlán a bronnadh ar Chroí-Ráitis, faoi réir uasmharc 20 marc i bpáirt B agus uasmharc 30 marc i bpáirt C.

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)**
Le MF a bhronnadh, ní mór don scrúdaitheoir smaoinigh ar cé chomh maith is a bhfreagraíonn an freagra don cheannteideal nó an dóigh a dtéann siad i ngleic leis an gceist shocraithe. Beidh an tábla grádaithe a leanas i bhfeidhm:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** | 9-10 marc |
| ***An-mhaith:*** | 7-8 marc |
| ***Maith:*** | 5-6 mharc |
| ***Réasúnta:*** | 3-4 mharc |
| ***Lag:*** | 0-2 mharc |

Le MC agus MF a bhronnadh, rachaidh an scrúdaitheoir i ngleic leis an ábhar le hintinn oscailte ar raon na bhfreagraí bailí a d'fhéadfaí a bheith ag súil ó iarrthóir ag Gnáthleibhéal agus le tuiscint ar scóip den eolas agus scileanna stairiúla atá éilithe ag an siollabas.

***Nótaí ar thopaicí aonair***
***ROINN 2: ÉIRE***

*Éire: Topaic 1*
**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Callainn, Contae Cill Chainnigh(aon ghé amháin = 3m) | (6) |
| A2. | Bhailigh sé an Cíos Caitliceach | (6) |
| A3. | Bua Uí Chonaill i dtoghchán an Chláir | (6) |
| A4. | Druma | (6) |
| A5. | AON bhuntáiste amháin a bhaineann le Fuascailt na gCaitliceach | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 2*
**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Óstán Morrison, Sráid Dawson, Baile Átha Cliath(aon ghé amháin = 3m) | (6) |
| A2. | Príosún Chill Mhaighneann | (6) |
| A3. | Nuair a chuaigh na constáblaí póilíní isteach sa mhórshiúl | (6) |
| A4. | Chuir sé oibrithe an óstáin faoi mhionn rúndachta roimh ré. | (6) |
| A5. | Aon ghé amháin de ról Chaisleáin Bhaile Átha Cliath | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 3*
**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Nollaig 1940 | (6) |
| A2. | An méid a rinne Tuaisceart Éireann ar son iarracht na cogaíochta | (6) |
| A3. | Ní raibh aon ruathair aeir i mBéal Feirste go fóill/ba rabhadh bréige iad na foláirimh ruathair aeir/ní raibh ach cúig rabhadh ruathair aeir go dtí seo | (6) |
| A4. | Ruathair ollmhóra aeir de chuid na Gearmáine (ruathair aeir amháin = 3m) | (6) |
| A5. | AON ionchur amháin de chuid Richard Dawson Bates | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Ó Phríosún Lincoln | (6) |
| A2. | Go rachadh sé go Meiriceá/go lorgódh sé tacaíocht ar son chúis na hÉireann | (6) |
| A3. | Bhraith de Valera go bhféadfadh sé a bheith fónta i Meiriceá | (6) |
| A4. | Bhí siad ina éadan/shíl siad gur cheart dó fanacht in Éirinn. | (6) |
| A5. | Rud AMHÁIN a bhain de Valera amach i Meiriceá | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte (NHS) | (6) |
| A2. | Seirbhísí fiaclóireachta/spéaclaí/drugaíDhá cheann ar bith le haghaidh 3m + 3m | (6) |
| A3. | Ró-oideasú drugaí | (6) |
| A4. | Ba mhaith leis a éiteas Caitliceach a choinneáil i réim | (6) |
| A5. | Buntáiste AMHÁIN a bhain leis an stát leasa shóisialaigh | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Dhiúltaigh de Gaulle don iarratas | (6) |
| A2. | An Bhreatain agus an Danmhairg (3m + 3m) | (6) |
| A3. | Bhí rochtain ag na sé bhallstát bunaidh ar iascaigh na hÉireann, na Breataine agus na Danmhairge (rochtain ar iascaigh na hÉireann amháin = 3m) | (6) |
| A4. | Bhí céad ag Éirinn a gabhálacha éisc a dhúbailt/luach a gabhálacha éisc a mhéadú | (6) |
| A5. | AON ionchur amháin eile de chuid Garret FitzGerald | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR*

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An náisiúnachas agus foirmiú Stát san Eoraip, 1815-1871**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Báil/féastaí/siamsaíocht amharclainne | (6) |
| A2. | Cuireadh carráistí ar fáil | (6) |
| A3. | Mná coimhdeachta | (6) |
| A4. | Siamsaíocht a chur ar fáil/cinneadh cén duine ba thábhachtaí thar dhuine eile | (6) |
| A5. | AON chinneadh polaitiúil | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Coinscríobh [le haghaidh fear] | (6) |
| A2. | Breis agus aon mhilliún | (6) |
| A3. | Thiomáin siad tramanna/d'oibrigh siad ar an talamh/armlón/altranas (aon dá cheann, 3m + 3m) | (6) |
| A4. | D’éalaigh siad ó sheirbhís tí/d’éalaigh siad ó ghnáthghnásanna/bhí níos mó deiseanna fostaíochta acu/bhí a n-ioncam féin acu | (6) |
| A5. | Níl (3m), agus míniú (3m) | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Chun an Eaglais Chaitliceach a chur in oiriúint do shaol atá ag athrú | (6) |
| A2. | Chuirtí seirbhísí eaglaise ar fáil i dteanga lucht freastail na heaglaise | (6) |
| A3. | Le daoine Giúdacha/eaglaisí eile | (6) |
| A4. | Chun dul i mbun teagmhála leis an saol nua-aimseartha | (6) |
| A5. | AON ionchur amháin de chuid an Phápa Eoin Pól II | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Daon-Phoblacht Dhaonlathach an Chongó | (6) |
| A2. | Príomh-Aire chúige Katanga | (6) |
| A3. | Go maífeadh sé go raibh Katanga neamhspleách | (6) |
| A4. | Ba é Katanga an cúige ba shaibhre/bhí mianaigh chopair agus úráiniam suite ann/b'ionann sin agus 65% den ioncam náisiúnta, etc. | (6) |
| A5. | AON sampla amháin: | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Rinneadh iad faoi rún/ardslándáil | (6) |
| A2. | 4,000 tuairisceoir | (6) |
| A3. | Lucht léitheoireachta ar fud an domhain | (6) |
| A4. | Chuaigh an comhlacht nuachta chuig Houston/choinnigh NASA tuairisceoirí ar an eolas faoi fhorbairtí | (6) |
| A5. | Toradh bailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

**Ceisteanna breise maidir le Roinn A ar leathanach 15 den scrúdpháipéar:**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Tá sé ag foghlaim faoina bhfuil ar siúl/ag fáil oiliúna/ag dul i gcleachtadh ar dhisciplín/cruinneas | (6) |
| A2. | Tá an obair leadránach/ní raibh aon mhaolú ann le linn réimeas daingean Stalin | (6) |
| A3. | Tá sé tar éis caoi a chur ar chúrsaí/tá sé tar éis scríbhneoir a oiliúint ina chuid oibre | (6) |
| A4. | Tá nó Níl (3m), móide cúis (3m) | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN | (6) |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2025

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# An Nua-Aois Luath

# GNÁTHLEIBHÉAL

***Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)***
***(100 marc)***

Tá ceithre chuid den cheist dhoiciméad-bhunaithe:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Léirthuiscint | (40 marc) |
| 2. | Comparáid | (20 marc) |
| 3. | Cáineadh | (20 marc) |
| 4. | Comhthéacsú | (20 marc) |

***1. Léirthuiscint (40 marc)***

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Phós Anraí VIII Caitríona Aragon/baintreach a dhearthár | 8M |
| (b) | Chun an comharbas a dhaingniú/chun a bhród féin a shásamh | 8M |
| (c) | An Banphrionsa Máire agus mac Rí na Fraince | 8M |
| (d) | Gan mac a bhronnadh air | 8M |
| (e) | Ar chóir dó bean chéile eile a ghlacadh chuige féin? | 8M |

Uasmharc = 40M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) D'fhéadfadh na freagraí 'tá' nó 'níl' a rá maidir leis an bhfadhb a bhí roimh an Rí. Ba chóir go mbainfeadh freagraí úsáid as an dá dhoiciméad chun tacú lena bpointí

Deir Doiciméad A gurbh í an fhadhb ná nár thug a bhean chéile, Caitríona Aragon, mac agus oidhre dó. Fadhbanna eile a d'fhéadfadh a bheith ann ná gur cailleadh na páistí eile go léir, seachas Máire, agus iad ina naíonáin agus bhí mac de dhíth ar an Rí chun an choróin a dhaingniú.

Deir Doiciméad B gurb í an fhadhb ná nár bhronn Dia mic ar an Rí. I measc na bhfadhbanna eile a d'fhéadfadh a bheith ann tá ceist a bhain le dlisteanacht an Bhanphrionsa Máire agus sábháilteacht na Ríochta mar gheall ar easpa oidhre fireannach.

Marcáil caighdeán an mhínithe bunaithe ar a dtuillteanas.
Tagairt don dá dhoiciméad ag teastáil.

5M + 5M — Uasmharc = 10M

(b) Tugann Doiciméad A níos mó eolais faoi Chaitríona Aragon

Insíonn Doiciméad A dúinn gurbh í baintreach a dhearthár a bhí ní ba shine ná é, go raibh sí cúig bliana níos sine ná Anraí, gur bean chéile chráifeach agus dhílis a bhí inti agus go raibh an-chion ag Anraí uirthi. Mar sin féin, níor thug sí mac agus oidhre d'Anraí.

Luann Doiciméad B go raibh Caitríona pósta le deartháir an Rí a fuair bás, an Prionsa Arthur, ach níl aon eolas eile faoi Chaitríona.

Marcáil caighdeán an mhínithe bunaithe ar a dtuillteanas.
Tagairt don dá dhoiciméad ag teastáil.

2M + 4M + 4M — Uasmharc = 10M

### *3. Cáineadh (20 marc)*

(a) Is foinse thánaisteach é Doiciméad A toisc go bhfuil sé scríofa ag staraí, John Lotherington, i leabhar a foilsíodh in 2003. Ní raibh Lotherington beo ag an am céanna leis na carachtair a scríobhann sé fúthu. Scríobhadh a leabhar beagnach 500 bliain níos déanaí. Ní raibh Lotherington, atá beo sa 20ú/21ú haois, ina fhinné súl ar na himeachtaí a gcuireann sé síos orthu.

Foinse thánaisteach agus míniú bailí — 5M + 5M — Uasmharc = 10M

(b) Tá Doiciméad B úsáideach do staraí. D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar chúiseanna:

- Tá sé úsáideadh mar gur scríobhadh cuntas an scríbhneora go gairid tar éis na n-imeachtaí lena phléann sé agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé a bheith níos iontaofa ná cuntas a scríobhadh i bhfad tar éis do na himeachtaí tarlú.
- Tugann sé focail an Rí féin agus léiríonn sé an chaoi ina raibh sé ag smaoineamh.
- Tugann sé eolas dúinn faoin gcaoi a ndearna teaghlaigh ríoga na hEorpa cleamhnais idir a bpáistí.
- Tugann sé cúis ar theastaigh ó Anraí VIII colscaradh a fháil ó Chaitríona Aragon.
- Tá baint aige leis an Reifirméisean i Sasana, srl.

Lorg dhá chúis — 5M + 5M — Uasmharc = 10M

### *4. Comhthéacsú (20 marc)*

Céard iad na céimeanna a ghlac Anraí VIII chun deireadh a chur lena phósadh le Caitríona Aragon?

Marcáil ón bprionsabal den Croí-Ráiteas. Uasmharc = 20M

Is féidir **Croí-Ráiteas** a shainmhíniú mar cheann amháin de seo a leanas:

- Ráiteas fíorasach suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.
- Míniú, tuairim nó trácht bailí atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.
- Ráiteas tosaigh **NÓ** clabhsúir suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Chun an prionsabal marcála de Chroí-Ráiteas a chuir i bhfeidhm, beidh ar scrúdaitheoirí leanúint ar aghaidh mar seo a leanas:

- Ar léamh an fhreagra, ba cheart é a bhriseadh síos ina gCroí-ráitis, cuirtear tic (√ ) ag deireadh gach Croí-ráitis críochnaithe.
- Bronntar 5 mharc ar gach Croí-ráiteas críochnaithe.
- D’fhéadfadh Croí-ráiteas neamhchríochnaithe ag deireadh freagra 1-4 mharc a thuilleamh.

Anseo, i gceist 4 den CDB, beidh an scrúdaitheoir ag féachaint le 5 mharc an ceann a bhronnadh ar cheithre Chroí-ráiteas don leithdháileadh iomlán 20 marc.

***Roinn 2 agus Roinn 3***
***ÉIRE agus EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (300 marc)***

Tá gach Topaic roinnte ina thrí chuid:

A. Aonad spreagadh-thiomáinte le 4/5 fhreagra ghearra nach mór tabhairt faoina bhfreagairt
(íosmhéid: (30 marc)
B. Ba cheart alt gearr a scríobh mar fhreagra ar cheann amháin de na ceithre cheannteideal seo (uasmhéid: (30 marc)
C. Alt níos faide le bheith scríofa mar fhreagra ar cheann amháin as ceithre cheist (uasmhéid: 40 marc)

Leanfaidh an mharcáil ar chuid A, B agus C ar aghaidh mar seo a leanas:

A. De ghnáth, bronnfar na marcanna mar 6 mharc an cheist, le 6 mharc X 5 ag tabhairt 30 marc mar uasmharc. Féach ar ***Nótaí ar thopaicí aonair*** thíos le haghaidh éagsúlachtaí ar an gcleachtadh sin.
B. Beidh an freagra seo marcáilte ag an bprionsabal de Chroí-Ráiteas, mar a shainmhínítear thuas. Bronnfar Uasmharc Carnach de 20 ar Chroí-Ráitis agus ligfear uasmharc de 10 marc do Mheastóireacht Fhoriomlán an scrúdaitheora ar an fhreagra. Féach ar an scála aistritheach thíos.
C. Beidh an freagra seo marcáilte ag an bprionsabal de Chroí-Ráiteas, mar a shainmhínítear thuas. Ligfear Uasmharc Carnach de 30 ar Chroí-Ráitis agus ligfear uasmharc de 10 marc do Mheastóireacht Fhoriomlán an scrúdaitheora ar an fhreagra. Féach ar an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Seo e an marc iomlán a bronnadh ar Chroí-Ráitis, faoi réir uasmharc 20 marc i bpáirt B agus uasmharc 30 marc i bpáirt C.

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)**
Le MF a bhronnadh, ní mór don scrúdaitheoir smaoineamh ar cé chomh maith is a bhfreagraíonn an freagra don cheannteideal nó an dóigh a dtéann siad i ngleic leis an gceist shocraithe. Beidh an tábla grádaithe a leanas i bhfeidhm:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** | 9-10 marc |
| ***An-mhaith:*** | 7-8 marc |
| ***Maith:*** | 5-6 mharc |
| ***Réasúnta:*** | 3-4 mharc |
| ***Lag:*** | 0-2 mharc |

Le MC agus MF a bhronnadh, rachaidh an scrúdaitheoir i ngleic leis an ábhar le hintinn oscailte ar raon na bhfreagraí bailí a d’fhéadfaí a bheith ag súil ó iarrthóir ag Gnáthleibhéal agus le tuiscint ar scóip den eolas agus scileanna stairiúla atá éilithe ag an siollabas.

***Nótaí ar thopaicí aonair***

***ROINN 2: ÉIRE***

*Éire: Topaic 1*

**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Fear Ionaid an Rí Leonard Grey | (6) |
| A2. | Dáréag | (6) |
| A3. | Go leor bia le haghaidh 40 lá | (6) |
| A4. | Claíomh, bogha, sleá (dhá cheann ar bith, 3m + 3m) | (6) |
| A5. | Dualgas bailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 2*

**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558-1603**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Donal O'Flaherty | (6) |
| A2. | Mar gheall ar chumhacht chabhlaigh na Máilleach | (6) |
| A3. | Comhaontas a lorg leis an stát Túdarach | (6) |
| A4. | Tailte a bhronnadh uirthi | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 3*

**An ríocht in aghaidh na coilíneachta - an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Bordeaux/An Fhrainc | (6) |
| A2. | Tosaíonn sé le cruthú an domhain | (6) |
| A3. | Go dtí teacht na Normannach/12ú haois | (6) |
| A4. | Daoine nár rugadh in Éirinn/iad siúd nach raibh ina gCaitlicigh | (6) |
| A5. | I bhfoirm lámhscríbhinne/lámhscríofa | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Cosc ar iompórtáil eallaí beo as Éirinn isteach go Sasana | (6) |
| A2. | Earraí ar leith as na coilíneachtaí | (6) |
| A3. | Praghsanna méadaithe | (6) |
| A4. | Athrú ó easpórtáil amhábhair go dtí easpórtáil earraí próiseáilte | (6) |
| A5. | Cúis Bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 5*

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta - teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Príosún Chluain Meala (6m), Cluain Meala amháin (3m), príosún amháin (3m) | (6) |
| A2. | Ard Pádraig | (6) |
| A3. | Rás ar eallaí | (6) |
| A4. | Tá sé daortha chun báis | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | An bhaint a bhí aige leis na hÉireannaigh Aontaithe | (6) |
| A2. | Baile Átha Cliath | (6) |
| A3. | Dílis don Choróin | (6) |
| A4. | Tá siad i bhfabhar na nÉireannach Aontaithe anois | (6) |
| A5. | Aidhm bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR*

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
**Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht sa séú haois déag dhéanach, 1567-1609**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Ambasadóir na Veinéise chun na Spáinne | (6) |
| A2. | Ón Spáinn | (6) |
| A3. | Ag guí fabhar Dé ar an Armáid | (6) |
| A4. | Tá na Sasanaigh ag súil le hionsaí/ullmhaithe go maith/cróga | (6) |
| A5. | Gníomh bailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Dul ar gcúl na Sean-Eorpa, 1609-1660**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Diagantacht agus suáilce | (6) |
| A2. | Cleachtadh creidimh | (6) |
| A3. | Dúnadh amharclanna [ar feadh tamaill] | (6) |
| A4. | Damhsa thart ar an gcrann Bealtaine/ceiliúradh na Nollag | (6) |
| A5. | Cúis AMHÁIN eile | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Tráchtas ar chogaíocht léigir | (6) |
| A2. | Fiche léigear ar éirigh leo | (6) |
| A3. | An bheaignit | (6) |
| A4. | Scríobh sé paimfléad faoi chánachas nár thaitin leis an Rí | (6) |
| A5. | Bealach bailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Le brú airgeadais Chomhlacht na hIndia Thoir a laghdú/cead a thabhairt do Chomhlacht na hIndia Thoir tae a easpórtáil/ a dhíol go dtí na coilíneachtaí i Meiriceá | (6) |
| A2. | Ceannaithe sna coilíneachtaí/lucht smuglála | (6) |
| A3. | Mar Indiaigh | (6) |
| A4. | Chuaigh siad ar bord longa an tae (3m) agus chaith siad na lastaí isteach sa chalafort (3m) | (6) |
| A5. | Míniú achomair ar an eachtra | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc  Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc  Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Príosún (3m) i bPáras (3m) | (6) |
| A2. | Cluichí cártaí | (6) |
| A3. | Tábla billéardaí | (6) |
| A4. | Go dtuillfeadh siad cáil dóibh féin/go bhféachfaí orthu mar laochra/go ndéanfaidís a saibhreas | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc  Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc  Uasmharc MF = 10 marc

**Ceisteanna breise maidir le Roinn A ar leathanach 15 den scrúdpháipéar:**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Sa Domhan Nua | (6) |
| A2. | D'íoc a chol ceathrair a tháille ón Spáinn | (6) |
| A3. | Trí obair mar tháilliúir | (6) |
| A4. | Tá bia saor agus flúirseach/tá capall ag gach Spáinneach/go leor oibre ar fáil/íoctar na hoibrithe go maith | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN | (6) |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 400 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |